2024/1697

17.6.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1697 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meitheamh 2024

maidir le Bord Iniúchóireachta na Saoráide don Úcráin a bhunú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 36 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart Bord Iniúchóireachta a bhunú faoin tSaoráid don Úcráin chun cur le héifeachtacht chórais bhainistithe agus rialaithe na hÚcráine maidir le cistiú ón Aontas agus, go háirithe, chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/792.

(2) Is gá an Bord Iniúchóireachta a bhunú ar bhonn práinneach chun cur ar a cumas don Úcráin an chéad iarraidh ar íocaíocht dá cuid t a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/792.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú

Bunaítear leis seo Bord Iniúchóireachta na Saoráide don Úcráin le haghaidh na tréimhse dar tús lá glactha an chinnidh seo go dtí an 30 Meitheamh 2028.

Airteagal 2

Misean

Tabharfaidh an Bord Iniúchóireachta cúnamh don Choimisiún chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht chórais bhainistithe agus rialaithe na hÚcráine maidir leis na cistí a sholáthraítear faoin tSaoráid agus chun míbhainistiú an chistithe ón Aontas faoin tSaoráid don Úcráin a chomhrac, go háirithe calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí.

Airteagal 3

Comhdhéanamh agus oibriú an Bhoird Iniúchóireachta

1. Triúr comhaltaí a bheidh ar an mBord Iniúchóireachta agus is sa Bhruiséil a bheidh sé lonnaithe.

2. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht lóistíochta iomchuí ar fáil do chomhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta, spás oifige agus tacaíocht TF go háirithe.

([1]) IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

3. Tabharfaidh Rúnaíocht, a bheidh lonnaithe i gCív agus a bheidh faoi stiúir Ceann de chuid na Rúnaíochta, cúnamh don Bhord Iniúchóireachta. Is é Cathaoirleach an Bhoird Iniúchóireachta a thabharfaidh treoracha agus treoraíocht don Rúnaíocht, agus ceapfar é i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo.

4. Maidir le hAirteagal 2 de Chinneadh 1999/396/CE, CEGC, Euratom ón gCoimisiún ([2]) maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha i ndáil le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a dhéanfadh dochar do leasanna na gComhphobal a chosc, beidh feidhm aige maidir le Comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta agus lena bhfoireann, lena n-áirítear foireann na Rúnaíochta.

Airteagal 4

Ceapadh, foirceannadh ceapacháin agus dífhostú chomhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta

1. Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta, tar éis glao ar léiriú spéise. Cuirfear tús le téarma oifige chomhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta ar an dáta a shocrófar chun na críche sin sa chinneadh maidir le comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta a cheapadh.

2. Saoránaigh den Aontas a bheidh i gcomhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta, ar saoránaigh iad ag a mbeidh taithí chruthaithe i réimsí na hiniúchóireachta, an fhaireacháin agus an rialaithe, agus/nó taithí i dtaca leis an gcalaois, an t-éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chomhrac, taithí a ghnóthaigh siad, sa chás ab fhearr, i bpost sinsearach in institiúidí an Aontais nó in údarás poiblí de chuid na mBallstát.

3. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta ina gcomhairleoirí speisialta de chuid an Choimisiúin de réir bhrí Airteagal 5 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach eile an Aontais Eorpaigh ([3]), ar feadh téarma 2 bhliain. Beidh a gconarthaí in-athnuaite agus áiritheofar leo go mbeidh siad neamhspleách go hiomlán ar aon tionchar seachtrach agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu. Déanfar grinnfhiosrúchán slándála ar chomhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta, nó mura ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu cheana féin, beidh siad toilteanach dul faoi ghrinnfhiosrúchán slándála an Bhallstáit ar náisiúnach de iad.

4. Is é Ard-Stiúrthóir AS NEAR a bheidh i mbun an nós imeachta roghnúcháin, le tacaíocht ó phainéal, agus roghnóidh an tArd-Stiúrthóir comhaltaí an phainéil sin ó na hArd-Stiúrthóireachtaí de chuid an Choimisiúin is mó lena mbaineann. Cuirfidh an painéal liosta iarrthóirí faoi bhráid an Ard-Stiúrthóra, agus é bunaithe ar thorthaí an ghlao ar léiriú spéise agus ar na hagallaimh ina dhiaidh sin. Roghnóidh an tArd-Stiúrthóir comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta chomh maith le triúr comhaltaí ionaid chun teacht in áit comhalta den Bhord Iniúchóireachta i gcás nach bhfuil an comhalta sin in ann a chúraimí a dhéanamh a thuilleadh nó i gcás nach bhfuil sé sásta iad a dhéanamh a thuilleadh.

5. Más rud é nach gcomhlíonann comhalta den Bhord Iniúchóireachta a thuilleadh na coinníollacha is gá chun a dhualgais a dhéanamh, mar a leagtar síos sa Chinneadh seo agus ina chonradh, féadfaidh an Coimisiún é a dhífhostú.

([2]) IO L 149, 16.6.1999, lch. 57, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:31999D0396.

([3]) Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach eile de Chomhphobal Eacnamaíoch na hEorpa agus den Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385/62), arna leasú go deireanach an 3 Eanáir 2024 (IO C, C/2024/509, 3.1.2024, , ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/509/oj). https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:31967R0422&from=EN

6. Mura bhfuil comhalta den Bhord Iniúchóireachta in ann a dhualgais a dhéanamh ar feadh tréimhse theoranta ama, ar chúiseanna leighis nó eile, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an gcomhalta den Bhord Iniúchóireachta lena mbaineann, comhalta ionaid a cheapadh go sealadach go dtí go mbeidh an comhalta den Bhord Iniúchóireachta lena mbaineann in ann filleadh ar a dhualgais, ar feadh na tréimhse nach féidir leis an gcomhalta sin a chúraimí a dhéanamh.

7. An méid teoranta ama dá dtagraítear i mír 6, ní sháróidh sé 6 mhí.

Airteagal 5

Ceapachán an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh

1. Ainmneoidh Ard-Stiúrthóir AS NEAR duine amháin de na comhaltaí ina Chathaoirleach ar an mBord Iniúchóireachta agus duine eile díobh ina Leas-Chathaoirleach. I gcás nach féidir leis an gCathaoirleach a chuid dualgas a dhéanamh, is é an Leas-Chathaoirleach a dhéanfaidh iad.

2. I gcás ina dtagann folúntas chun cinn d'oifig an Chathaoirligh, déanfaidh an Leas-Chathaoirleach a chuid dualgas go dtí go n-ainmneoidh Ard-Stiúrthóir AS NEAR Cathaoirleach nua.

Airteagal 6

Freagrachtaí an Chathaoirligh

1. Déanfaidh an Cathaoirleach ionadaíocht don Bhord. Déanfaidh sé cathaoirleacht ar chruinnithe an Bhoird Iniúchóireachta agus eagróidh sé obair an Bhoird.

2. Féadfaidh an Cathaoirleach an chumhacht a tharmligean do gach comhalta den Bhord Iniúchóireachta agus do Cheann na Rúnaíochta doiciméid a shíniú thar ceann an Bhoird Iniúchóireachta.

3. Is é an Cathaoirleach a shocróidh sceideal agus clár oibre chruinnithe an Bhoird Iniúchóireachta.

4. Is é an Cathaoirleach a bheidh freagrach as rialacha nós imeachta an Bhoird Iniúchóireachta a tharraingt suas laistigh de 6 mhí tar éis don Bhord Iniúchóireachta teacht chun bheith oibríochtúil.

Airteagal 7

Neamhspleáchas agus oibiachtúlacht

Is le oibiachtúlacht agus neamhspleáchas iomlán a fheidhmeoidh comhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta agus foireann na Rúnaíochta a bhfeidhmeanna, agus oibreoidh siad i gcomhréir leis na cleachtais, na caighdeáin agus na treoirlínte idirnáisiúnta infheidhme is fearr, go háirithe maidir leis an iniúchóireacht.

Airteagal 8

Reáchtáil cruinnithe

1. Tionólfar sé chruinniú ar a laghad den Bhord Iniúchóireachta sa Bhruiséil gach bliain, agus is féidir iad a thionól in áiteanna eile nó ar líne freisin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Tabharfaidh an Bord Iniúchóireachta sé chuairt ar Chív ar a laghad gach bliain, ag brath ar na cúinsí.

2. Áiritheoidh an Cathaoirleach go mbeidh an córam riachtanach ann i gcás gach cruinnithe den Bhord Iniúchóireachta, mar atá, beirt chomhaltaí den Bhord Iniúchóireachta.

3. Áiritheoidh an Cathaoirleach gurb é a dhéanfar ag cruinnithe an Bhoird Iniúchóireachta torthaí na Rúnaíochta a phlé, treoraíocht a thabhairt maidir le hobair na Rúnaíochta agus tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Féadfaidh an Cathaoirleach cruinnithe breise a iarraidh de réir mar is gá, agus féadfar na cruinnithe sin a reáchtáil go hibrideach freisin. Eagrófar na cruinnithe roimh ré in am trátha ionas go mbeidh na comhaltaí uile agus na daoine uile ar tugadh cuireadh dóibh in ann freastal orthu.

Airteagal 9

An Rúnaíocht

1. Is é a bheidh i Rúnaíocht an Bhoird Iniúchóireachta foireann speisialtóirí sa réimse bainistithe agus rialaithe, sa réimse iniúchóireachta agus i réimsí saineolais ábhartha eile, chomh maith le cúntóirí rúnaíochta arna soláthar trí chonradh seirbhíse, tar éis do AS NEAR nós imeachta tairisceana a sheoladh.

2. Beidh obair na Rúnaíochta faoi stiúir Ceann de chuid na Rúnaíochta, arb oifigeach de chuid an Choimisiúin é a cheapfaidh AS NEAR.

3. Tabharfaidh an Rúnaíocht cúnamh don Bhord Iniúchóireachta agus a chúraimí á ndéanamh aige, go háirithe tríd an bhfaisnéis ábhartha uile a bhailiú agus a sholáthar, trí Cheann na Rúnaíochta.

Airteagal 10

Breathnóirí

1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ionadaithe ó na Ballstáit agus ar dheontóirí eile páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Bhoird Iniúchóireachta. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar dheontóirí eile a rannchuidíonn leis an tSaoráid breathnóirí a cheapadh ar an mBord Iniúchóireachta.

2. Nuair a iarrfaidh an Coimisiún orthu, féadfaidh na breathnóirí páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Bhoird Iniúchóireachta sa cháil sin agus féadfaidh rochtain a bheith acu ar fhaisnéis. Féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Iniúchóireachta rochtain ar fhaisnéis a dhiúltú do na breathnóirí, ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo amhail rúndacht nó cosaint sonraí, agus tar éis dul i gcomhairle le comhaltaí eile an Bhoird Iniúchóireachta.

3. Féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Iniúchóireachta, tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí eile an Bhoird Iniúchóireachta, a iarraidh ar bhreathnóirí freastal ar phléití an Bhoird Iniúchóireachta agus a iarraidh ar na breathnóirí ráitis ó bhéal agus i scríbhinn a thabhairt.

4. Ní ghlacfaidh na breathnóirí páirt sa phróiseas chun tuarascálacha nó moltaí a ghlacadh.

Airteagal 11

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú

1. Maidir le haon chomhalta den Bhord Iniúchóireachta nó aon duine eile a ghlacann páirt i gcruinnithe an Bhoird Iniúchóireachta, lena n-áirítear duine atá ina bhreathnóir, i gcás ina mbíonn siad i staid coinbhleachta leasa nó i staid a d'fhéadfadh an pobal a thuiscint gur coinbhleacht leasa í, cuirfidh sé comhaltaí eile an Bhoird Iniúchóireachta agus an Rúnaíocht ar an eolas láithreach agus ní ghlacfaidh sé páirt sna pléití comhfhreagracha ná i nglacadh thuarascálacha agus mholtaí comhfhreagracha an Bhoird Iniúchóireachta.

2. Sa chás a dtugtar tuairisc air i mír 1, a luaithe a chuirfear Cathaoirleach an Bhoird Iniúchóireachta ar an eolas go cuí, glacfaidh sé gach beart iomchuí.

3. Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Iniúchóireachta Ard-Stiúrthóir AS NEAR ar an eolas faoi aon chás a dtugtar tuairisc air i mír 1 a luaithe a bheidh eolas faighte aige faoi.

Airteagal 12

Cúraimí an Bhoird Iniúchóireachta

1. Tabharfaidh an Bord Iniúchóireachta cúnamh don Choimisiún trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar chórais bhainistithe agus rialaithe na hÚcráine a mhéid a bhaineann leis an gcistiú ón Aontas faoin tSaoráid a úsáid agus trí aon saincheist shistéamach nó laige a a bhainfeadh leis na córais sin a chur in iúl. Déanfaidh an Bord Iniúchóireachta measúnú, *inter alia*, ar na córais atá i bhfeidhm ag an Úcráin chun cásanna féideartha calaoise, éillithe, coinbhleachtaí leasa agus aon neamhrialtacht eile i ndáil le haon chaiteachas a mhaoinítear faoin tSaoráid a sheachaint, a leigheas, a thuairisciú, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chun déileáil go héifeachtach le cásanna den chineál sin.

2. Beidh sé de cheart ag an mBord Iniúchóireachta faisnéis a iarraidh ar na húdaráis inniúla agus a fhíoruithe agus a sheiceálacha ar an láthair féin a dhéanamh tráth ar bith, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trína Rúnaíocht, ar chóras bainistithe agus rialaithe na hÚcráine, agus ar nósanna imeachta agus caiteachas maidir le cur chun feidhme na gcéimeanna sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine, ar nósanna imeachta agus caiteachas iad a ndearna an Coimisiún measúnú orthu cheana trí na hiarrataí ráithiúla ar íocaíocht. Na tuarascálacha a thiocfaidh as an méid sin, beidh moltaí iontu, de réir mar is ábhartha, don Úcráin maidir le feabhas a chur ar a córas bainistithe agus rialaithe, agus roinnfear iad leis an gCoimisiún. Gníomhóidh an Bord Iniúchóireachta gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin, cumhachtaí na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), cumhachtaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus cumhachtaí OIPE.

3. Cuirfidh an Bord Iniúchóireachta tuarascálacha faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear cóip de na moltaí a leagtar amach i mír 2, is é sin, tuarascáil amháin ar a laghad gach 3 mhí ar bhonn clár oibre a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin chun críoch faisnéise laistigh de 3 mhí ón dáta a cuireadh tús le feidhmiú an Bhoird. Cuirfear i láthair sna tuarascálacha sin tuairim an Bhoird i ndáil le feidhmíocht agus éifeachtacht chóras bainistithe agus rialaithe na hÚcráine. Faisnéis atá faighte ag an mBord nó a cuireadh ar a shúile dó faoi aon chás sainaitheanta nó faoi aon ábhar imní tromchúiseach maidir le míbhainistiú caiteachais arna mhaoiniú faoin tSaoráid, roinnfear an fhaisnéis sin láithreach leis an gCoimisiún.

4. Glacfaidh an Bord Iniúchóireachta moltaí don Úcráin maidir le gach cás nach ndearna údaráis inniúla na hÚcráine, dar leis, na bearta ba ghá chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ar calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí iad a rinne difear—nó a bhfuil riosca mór ann go ndéanfaidís difear—do bhainistíocht fhónta airgeadais an chaiteachais a mhaoinítear faoi tSaoráid, agus glacfaidh an Bord Iniúchóireachta moltaí don Úcráin freisin maidir le gach cás ina sainaithníonn sé laigí lena ndéantar difear do dhearadh agus d'fheidhmiú an chórais rialaithe a chuir údaráis na hÚcráine i bhfeidhm.

5. I gcás inarb iomchuí agus i ngach cás ina bhfuil gá le bearta chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, neamhrialtachtaí nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc, a bhrath, a cheartú, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, déanfar tuarascálacha an Bhoird Iniúchóireachta, agus an fhaisnéis uaidh, a sheoladh gan mhoill chuig an gCoimisiún, chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh i gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá ag gach ceann díobh. Féadfaidh an Bord Iniúchóireachta a thuarascálacha agus a fhaisnéis a roinnt freisin, de réir mar is iomchuí, le húdaráis ábhartha na hÚcráine, go háirithe i gcásanna inar gá do na húdaráis sin bearta a dhéanamh chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, neamhrialtachtaí nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc, a bhrath, a cheartú, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

6. Iarrfaidh an Bord Iniúchóireachta cúnamh ar an Úcráin faisnéis agus doiciméid a fháil, lena n-áirítear aon sonraí leictreonacha, agus féadfaidh sé a iarraidh ar an Úcráin gach beart is gá a dhéanamh chun obair na ndaoine a éascú ar tugadh treoir dóibh fíoruithe agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, gan dochar d'fhorálacha infheidhme an Aontais agus na hÚcráine maidir le cosaint sonraí agus slándáil sonraí.

7. Áiritheoidh an Bord Iniúchóireachta go mbeidh idirphlé agus comhar rialta ann le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, chomh maith le Dlísheomra Cuntasaíochta na hÚcráine agus le hinstitiúidí eile, de réir mar is ábhartha.

Airteagal 13

Cosaint sonraí agus rúndacht

1. Gach comhalta den Bhord Iniúchóireachta agus gach ball foirne atá ag oibriú thar ceann Rúnaíocht an Bhoird Iniúchóireachta, áiritheoidh sé rúndacht dhocht na faisnéise a gheobhaidh sé trína chuid oibre nó i gcomhthéacs a chuid oibre. Áiritheoidh siad go háirithe go gcosnófar faisnéis phearsanta rúnda, mar aon le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de.

2. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le rialacha Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), a bhfuil feidhm acu, *mutatis mutandis*.

3. Glacfaidh an Bord Iniúchóireachta nósanna imeachta agus beartais inmheánacha maidir le cosaint sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

4. Glacfaidh an Bord Iniúchóireachta treoirlínte chun faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chosaint.

Airteagal 14

Na tuarascálacha agus na moltaí a ghlacadh

1. Féachfaidh an Cathaoirleach agus comhaltaí eile an Bhoird Iniúchóireachta le teacht ar chomhaontú maidir le hábhar na dtuarascálacha agus na moltaí. In éagmais comhaontú, is le tromlach chomhaltaí an Bhoird Iniúchóireachta a dhéanfar cinneadh faoin ábhar. Má tá na comhionannas vótaí ann, is le vóta an chathaoirligh a dhéanfar an cinneadh. Féadfaidh an cathaoirleach nó aon chomhalta den Bhord Iniúchóireachta a iarraidh go ndéanfar vóta a chaitheamh.

2. Seolfaidh an Bord Iniúchóireachta a thuarascálacha chuig an gCoimisiún, lena n-áirítear na moltaí don Úcráin. Roinnfidh an Coimisiún na moltaí leis an Úcráin.

3. Déanfaidh an Bord Iniúchóireachta faireachán, ar bhonn leanúnach, ar chur chun feidhme na moltaí.

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN